

eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

Ag Cur Feabhsú Chun Cinn



Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta



INFHEISTEoir I nDáoinE

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

**Coláiste Feirste
Bhéal Feirste**

Dáta na Cigireachta: Feabhra 2007

CLÁR

Roinn		Leathanach
1.	RÉAMHRÁ	1
2.	NA PRÍOMHCHINNTÍ	2
3.	CONCLÚID	4
	AGUISÍNÍ	

1. RÉAMHRÁ

1.1 COMHTHÉACS

Is scoil neamhroghnach chomhoideachais do dhaltaí idir 11-18 mbliana d'aois é Coláiste Feirste a chuireann oideachas ar fáil trí mheán na Gaeilge. Tá an scoil suite ar thalamh ard i leataobh ó Bhóthar na bhFál os cionn cheantar Ard na bhFeá in iarthar Bhéal Feirste. Is ó mhórchéantar Bhéal Feirste a thagann bunús na ndaltaí; taistealaíonn líon beag chun na scoile ó Chromghlinn, ó Lann Abhaigh, ó Dhún Pádraig, ó Oilean an Ghuaile agus ó Mhachaire Rátha. Is ag méadú go leanúnach atá an líon ar rolla agus tá 487 ar rolla faoi láthair; tá líon beag daltaí sa séú bliain, 41 san iomlán. Tá beagáinín os cionn 38% de na daltaí i dteideal béilí saor ó tháille a fháil. Le trí bliana anuas ghnóthaigh timpeall 20% de na daltaí a chuaigh isteach i mbliain 8 gráid A, B nó C sa Teist Aistrithe; ghnóthaigh an chuid eile grád D nó ní dhearna siad an teist. Tá an scoil i ndiaidh tuairim is 20% de dhaltaí a aimsiú a bhfuil cuidiú breise uathu agus iad i mbun foghlama. Tá timpeallacht den scoth le haghaidh foghlama agus teagaisc sna seomraí nua agus sna seomraí sin de chuid na scoile a ndearnadh athchóiriú orthu ar na mallaibh.

1.2 FÓCAS

Bhí fócas na cigireachta ar an cheannaireacht agus ar an bhainisteoireacht ag gach leibhéal agus ar chumas na scoile féinmheastóireacht a dhéanamh. Rinneadh sainchigireacht ar an mhatamaitic, ar an eolaíocht agus ar theicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Lena chois sin, chuimsigh an chigireacht iniúchadh ar na nithe seo a leanas: 1. an soláthar a dhéantar do dhaltaí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu, 2. na socruithe le haghaidh tréadchúram, agus cosaint leanaí san áireamh, agus 3. cur chun cinn na sláinte agus na folláine i measc na ndaltaí.

1.3 TUAIRIMÍ NA DTUISMITHEOIRÍ, NA NGOBHARNÓIRÍ, NA NDALTAÍ AGUS NA MÚINTEOIRÍ

Bhí na socruithe seo a leanas mar chuid den chigireacht a rinneadh ar thréadchúram agus ar chosaint páistí: chomhlánaigh sampla de na tuismitheoirí ceistneoirí; reáchtáladh cruinnithe le Bord na nGobharnóirí chomh maith; agus rinneadh plé le grúpaí daltaí as bliain 8, bliain 12 agus as an séú bliain. Roimh an chigireacht féin, seoladh ceistneoirí faoi rún chuig 120 tuismitheoir; fuarthas freagra ó 16.6% díobh agus thapaigh 50% díobh sin an deis le tuairimí breise a nochtadh. I mbunús gach cáis chuir na tuismitheoirí agus na gobharnóirí in iúl go raibh siad fíorshásta le hobair na scoile. Thuairiscigh na daltaí gur mhothaigh siad sona sábháilte sa scoil. Pléadh roinnt ceisteanna a d'ardaigh na tuismitheoirí sna ceistneoirí leis an Phríomhoide agus le Bord na nGobharnóirí. Chomhlánaigh seisear múinteoirí déag ceistneoirí faoi rún; sna freagraí nochtadh dianábhar inní faoin cheannaireacht agus faoi chumarsáid sa scoil. Déileáiltear leis na nithe sin thíos.

Tá roinnt láidreachtaí le sonrú sa soláthar i dtaobh tréadchúram agus cosaint leanaí ach tá réimsí tábhachtacha le feabhsú agus is éigean beart a dhéanamh fúthu go pras lena chinntiú go mbeidh na modhanna oibre go hiomlán i gcomhréir leis an treoir atá leagtha amach sna hImlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais (RO). Caithfidh an scoil a chinntiú, go háirithe:

- go bhfaighidh na múinteoirí sainainmnithe, an fhoireann agus na gobharnóirí an oiliúint chuí i ngnóthaí a bhaineann le cosaint páistí;
- go gcuirfead in iúl do thuismitheoirí agus do dhaltaí na modhanna oibre le leanúint nuair a bhíonn ceist ann faoi chosaint leanaí; agus
- go bhfuil cód iompraíochta ann a nglacann an fhoireann leis.

Tá nithe maithe le sonrú i gclár na scoile chun sláinte agus folláine a chur chun cinn, agus ina measc tá an réimse iomchuí deiseanna a bhíonn ag gach dalta bheith páirteach i ngníomhaíochtaí fisiceacha. Ach tá na tionscnaimh, a bhaineann le bia, teoranta agus níl polasaithe straitéiseacha bunaithe go fóill d'fhonn stúleanna beatha sláintiúla a chur chun cinn agus chun daltaí a spreagadh le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí fisiceacha. Chun cloí leis na rialacháin reachtúla pleanála le haghaidh forbairt scoile, is den tábhacht don scoil, mar ábhar práinne, go ndéanfar measúnú ar chineál agus ar chaighdeán na modhanna le sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc na ndaltaí.

1.4 TORTHAÍ NA SCRÚDUITHE

Intráiltear gach dalta bhliain 12 ar scrúduithe i gcúig ábhar nó níos mó ag leibhéal an Teastais Ghinearálta Meánoideachais (TGMO). Le trí bliana anuas ghnóthaigh breis agus dhá chúigiú de na daltaí grád C nó os a chionn sin i gcúig ábhar ar a laghad, agus ghnóthaigh ceithre chúigiú díobh grád E nó os a chionn sin. In 2006 ghnóthaigh 42.9% de na daltaí gráid A* - C i gcúig ábhar TGMO ar a laghad. Is torthaí maithe iad sin nuair a chuirtear i gcomparáid iad le torthaí scoileanna eile atá den tsamhail chéanna de réir innéacs na mBéilí Scoile Saor ó Tháille. Tairgeann an scoil 15 ábhar do dhaltaí a fhad le leibhéal TGMO. Le trí bliana anuas, i mbunús na n-ábhar sin, bhí comhréir na ndaltaí a ghnóthaigh gráid A* - E taobh istigh de chúig phointe céatadán den mheán sna hábhair sin faoi seach i dTuaisceart Éireann (TÉ) do scoileanna neamhroghnacha, nó os a chionn.

Tairgeann an scoil 12 ábhar do dhaltaí ag Leibhéal AS an Teastais Ghinearálta Oideachais (TGO) agus ag Leibhéal A2. Tá 41 dalta san iomlán sa séú bliain agus go hiondúil bíonn líon na ndaltaí i ranganna na n-ábhar aonair beag. Le blianta beaga anuas tháinig laghdú ar chomhréir na ndaltaí i mbliain 14 a ghnóthaigh grád E nó os a chionn in dhá scrúdú Ardleibhéil ar a laghad; 88.9% atá anois ann, rud atá cuid mhór faoi bhun an mheáin chomhfhreagraigh le haghaidh scoileanna den tsamhail chéanna. Ag Ardleibhéil TGO nó a choibhéis leis bhí líon na ngrád A – E a ghnóthaigh na daltaí i mbunús na n-ábhar cúig phointe céatadán, nó níos mó, faoi bhun an lín a ghnóthaigh daltaí ar an mheán in TÉ.

2. NA PRÍOMHCHINNTÍ

2.1 Ar bhuanna Choláiste Feirste tá:

- an bhéim a chuirtear ar fhéinmheas na ndaltaí a mhéadú;
- an-dea-iompar bhunús na ndaltaí;
- dílseacht na foirne d'éiteas na scoile:

- dílseacht agus dúthracht na foirne a bhí i mbun na n-ábhar a ndearnadh cigireacht orthu;
- caighdeán an teagaisc a breathnaíodh – bhí sin riamh sásúil, agus fóna nó níos fearr i mionchuid shuntasach de na ranganna;
- baint éifeachtach a bheith ag múinteoirí na n-ábhar leis na socruithe chun tacaíocht a thabhairt do dhaltáí a bhfuil sainriachtanais acu;
- na torthaí maithe a bhain an scoil amach i scrúduithe TGMO; agus
- na naisc láidre idir an scoil agus gníomhaireachtaí seachtracha agus an pobal áitiúil.

2.2 Ar na réimsí atá le feabhsú áirítear:

- an géarghá go gcuirfidh an scoil na socruithe aici le haghaidh cosaint leanaí i gcomhréir le treoir RO;
- an gá go gcinnteoidh an scoil go dtabharfar tacaíocht éifeachtach do mhúinteoirí ag tús a ngairme agus do mhúinteoirí atá ag obair i réimsí taobh amuigh dá saineolas; agus
- an gá go dtabharfar faoi na laigí troma i gcaighdeán agus in éifeachtacht na ceannaireachta:
 - an riachtanas go gcothófar naisc ghairmiúla níos oscailte agus cumarsáid éifeachtach idir na daoine seo a leanas: na bainisteoirí sinsearach, na meánbainisteoirí, na múinteoirí agus Bord na nGobharnóirí le go mbeidh siad uile den tuairim go bhfuil tábhacht leo; móide go ndéanfar sainmhíniú soiléir ar róil gach bainisteora sa scoil; agus
 - an riachtanas go ndéanfar comhaontú faoi thosaíochtaí na scoile ina hiomláine; móide go gceapfar plean forbartha straitéisí don scoil dírithe ar chaighdeán na foghlama agus an teagaisc, agus é fréamhaithe sa chomhthéacs ina mbeidh an fhoireann á bhforbairt agus pleanáil mhaith airgeadais ar siúl chun a chinntiú go mbeidh an t-oideachas a bheas á sholáthar ag freastal níos iomláine ar riachtanais na ndaltaí uile. Bhí an scoil malltriallach agus í ag tabhairt faoi roinnt réimsí tábhachtacha, agus ina measc siúd bhí: an próiseas ina ndéantar pleanáil forbartha don scoil, féinmheastóireacht as a dtiocfaidh feabhsúcháin, an próiseas ina ndéantar Athbhreithniú Feidhmíochta agus Forbairt Foirne, agus beartú spriocanna agus tagarmharcanna.

3. **CONCLÚID**

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu aimsíodh móreasnaimh ar obair na scoile. Caithfear tabhairt go práinneach faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus sin ar mhaithe leis an lucht foghlama.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán rialta ar dhul chun cinn na scoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

FAISNÉIS STAITISTICIÚIL

- 1.1 i. Scoil: Coláiste Feirste v. **Dáta na Cigireachta: Seachtain dar thús 19.02.07**
 ii. Uimhir Thagartha na Scoile: 124-0291 vi. **Réimse Staidéir: Gnáthchigireacht**
 iii. Aoisraon: 11-18
 iv. Stádas: Meánscoil faoi Chothabháil

1.2 Líon Iontrála / Líon ar Rolla

Bliain Scoile	2002/03	2003/04	2004/05	2005/06	2006/07
Líon iontrála Bhliain 8	84	105	91	106	89
Iomlán ar rolla	364	406	442	470	487

1.3 Tinreamh

Bliain 2005/06	8	9	10	11	12	13	14	Meán 2005/06	Meán in TÉ 2004/05
% den Tinreamh	93.4	90	91	89	92	93	94.4	91	91

- 1.4 i. Líon Iomlán Múinteoirí:

37

 iii. Cóimheas teagmhála (céatadán den am de réir clár ama a mbítear i dteagmháil dhíreach le rang):

0.744

- ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoirí)

13.162

 iv. Líon Múinteoirí sa Réimse Staidéir: (Sainchigireacht Amháin)

Bliain 2006/07	8	9	10	11	12	13	14	IOMLÁN
Líon ar Rolla: Buachaillí	44	52	43	40	32	12	7	230
Líon ar Rolla: Cailíní	45	53	43	59	36	11	10	257
Líon ar Rolla: Iomlán	89	105	86	99	68	23	17	487
CDM	14.901	14.064	14.399	14.4	12.65	7.859	7.028	

- 1.5 **Ráta a Leantar den Scolaíocht (2005/06)** (Líon na bliana reatha 13/14 mar chomhréir de líon bhliain 12 bliain nó dhó ó shin)

Bliain 13	34.4	Meán do Bhliain 13 in TÉ	35.5
Bliain 14	44.6	Meán do Bhliain 13 in TÉ	24.9

1.6 **Ceann scríbe lucht fágála**

2004/05	Bliain 12	% in TÉ	Bliain 13/14	% in TÉ
Líon Lucht Fágála	39		30	
Scoil Eile	21%	8.2	7%	1.1
Fostaíocht	3%	10.9	7%	17.5
Breisoideachas Lánaimseartha	38%	36.8	27%	21.1
Ardoideachas Lánaimseartha	N/B	N/B	57%	44.1
Oiliúint Lánaimseartha	26%	34.3	0%	5.7
Ag Cuardach Oibre/Dífhostaithe	0%	6.3	3%	5.6
Ní Fios/Tinneas Fadtréimhseach/Torrach	13%	3.6	0%	4.8

1.7 AINM NA SCOILE:

Coláiste Feirste

SCOILBHLIAIN:

2006/2007

TGMO	2004	2005	2006
Céatadán de dhaltai Bhliain 12 ag déanamh scrúduithe TGMO i gcúig ábhar ar a laghad	100	100	100
Céatadán de dhaltai Bhliain 12 ag gnóthú Ghráid C nó os a chionn sin i seacht n-ábhar ar a laghad	40.6	51.7	42.9
Céatadán de dhaltai Bhliain 12 ag gnóthú Ghráid C nó os a chionn sin i gcúig ábhar ar a laghad	85.9	93.1	77.6
Leibhéal A2 TGO nó a choibhéis	2003	2004	2005
Céatadán de dhaltai Bhliain 14 ag gnóthú Ghráid C nó os a chionn sin i dtrí ábhar A2 ar a laghad	11.1	19.2	14.8
Céatadán de dhaltai Bhliain 14 ag gnóthú Ghráid E nó os a chionn sin i dtrí ábhar A2 ar a laghad	100	96.2	88.9

Sa tuairisc seo, nuair a dhéantar trácht ar thorthaí scrúduithe in ábhair aonair, úsáidtear meánfhigiúirí CCSM faoi seach mar mheánfhigiúirí comhfhreagracha do daltaí uile Thuaisceart Éireann a rinne scrúdú san ábhar sin.

TÁBLA 1 ina léirítear torthaí TGMO agus torthaí de réir ábhair thar na trí bliana dar chríoch Meitheamh 2006, i gcomparáid leis na meántorthaí do na hábhair faoi seach in TÉ.

	Níos mó ná 10 bpointe céatadáin os a gcionn	Idir 5 phointe agus 10 bpointe céatadáin os a gcionn	Taobh istigh de 5 phointe céatadáin	Idir 5 phointe agus 10 bpointe céatadáin faoina mbun	Níos mó ná 10 bpointe céatadáin faoina mbun
TGMO A*- E	Fraincis	Béarla Gaeilge Ceol	Ealaín agus Dearadh Litríocht an Bhéarla Teicneolaíocht Faisnéise Teastas Dúbailte Eolaíochta, 1ú Ábhar Teastas Singil Eolaíochta Spórt/Corpoideachas	Stair Matamaitic Oideachas Pearsanta agus Sóisialta	Staidéar Gnó Dearadh agus Teicneolaíocht Tíreolaíocht
A-Leibhéal TGO A-C	Fraincis Gaeilge Ceol Spórt/Corpoideachas		Ealaín agus Dearadh Teicneolaíocht Faisnéise Oideachas Pearsanta agus Sóisialta	Béarla Stair Teastas Dúbailte Eolaíochta	Staidéar Gnó Dearadh agus Teicneolaíocht Litríocht an Bhéarla Tíreolaíocht Matamaitic Teastas Singil Eolaíochta

	Níos mó ná 10 bpointe céatadán os a gcionn	Idir 5 phointe agus 10 bpointe céatadán os a gcionn	Taobh istigh de 5 phointe céatadán	Idir 5 phointe agus 10 bpointe céatadán faoina mbun	Níos mó ná 10 bpointe céatadán faoina mbun
A- Leibhéal TGO A-E			Ceimic Fraincis Gaeilge Fisic	Ealaín agus Dearadh Stair	Bitheolaíocht Litríocht an Bhéarla Tíreolaíocht Teicneolaíocht Faisnéise Matamaitic Polaitíocht
A- Leibhéal TGO A-C	Ceimic	Gaeilge			Ealaín agus Dearadh Bitheolaíocht Litríocht an Bhéarla Fraincis Tíreolaíocht Stair Teicneolaíocht Faisnéise Matamaitic Fisic Polaitíocht

Tábla 2 ina léirítear raon na meán sna hábhair in TÉ ar baineadh úsáid as chun Tábla 1 a chur le chéile.

	100%-96%	95%-86%	85%-76%	75%-66%	65%-0%
TGMO A*-C	Ealaín agus Dearadh Bitheolaíocht Drámaíocht, Béarla, Stair, Teicneolaíocht Faisnéise, Matamaitic, Ceol	Staidéar Gnó Ceimic Staidéar Ríomhaireachta/ Ríomhaireacht Dearadh agus Teicneolaíocht, Eacnamaíocht, Litríocht an Bhéarla, Fraincis, Tíreolaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Laidin, Matamaitic Bhreise Fisic, Léann Reiligiúnach, Teastas Dúbailte Eolaíochta 1ú Ábhar, Spáinnis Spórt/Corpoideachas	Gearmáinis Geolaíocht		
A- Leibhéal TGO A-C	Ealaín agus Dearadh	Drámaíocht Litríocht an Bhéarla, Fraincis, Tíreolaíocht, Gearmáinis, Stair, Stair na hEalaíne agus an Deartha, Matamaitic, Matamaitic Ardchéime, Ceol, Polaitíocht, Léann Reiligiúnach, Spáinnis	Bitheolaíocht, Ceimic, Dearadh agus Teicneolaíocht, Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Bhaile, Laidin, Fisic		Staidéar Ríomhaireachta/Ríomhair eacht, Geolaíocht

<p>A- Leibhéal TGO A-E</p>	<p>Ealaín agus Dearadh, Bitheolaíocht, Ceimic, Dearadh agus Teicneolaíocht, Drámaíocht, Eacnamaíocht, Litríocht an Bhéarla, Fraincis, Tíreolaíocht, Gearmáinis, Stair, Stair na hEalaíne agus an Deartha, Eacnamaíocht Bhaile, Laidin, Matamaitic, Matamaitic Ardchéime, Ceol, Fisic, Polaitíocht, Léann Reiligiúnach, Spáinnis</p>	<p>Staidéar Ríomhaireachta/Ríomhair eacht, Geolaíocht</p>			
--	---	---	--	--	--

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2007

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina hiomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinsé agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk